



Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2025

Centre Number

--	--	--	--	--

Candidate Number

--	--	--	--	--

Irish

Assessment Unit A2 2
(Section B)
assessing Reading



[AIR22]

AIR22

MONDAY 2 JUNE, MORNING

TIME

2 hours.

INSTRUCTIONS TO CANDIDATES

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.

You must answer the questions in the spaces provided.

Do not write outside the boxed area on each page or on blank pages.

Complete in black ink only. **Do not write with a gel pen.**

Answer **all** questions.

INFORMATION FOR CANDIDATES

The total mark for this paper is 75.

Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.

You are provided with an Insert for use with Question 2 in this paper.

The use of a dictionary is **not** permitted.

Quality of Written Communication is assessed in Question 3.

Additional Materials Required:

None

15913



12AIR2201

1 Léigh an sliocht seo a leanas agus líon isteach na bearnaí. Tá na focail ar fáil sa bhosca thíos faoi.

Tá domhan na foghlama agus na hoibre ag athrú

Le himeacht **(a)** _____ in Éirinn, tá claochlú suntasach ag teacht ar shaol an oideachais agus na fostaíochta araon. Tá suíomhanna traidisiúnta sa tseomra ranga ag athrú, agus tá ról **(b)** _____ ag an teicneolaíocht.

Tá meascán d'fhoghlaim phearsanta agus d'fhoghlaim ar líne ag daltaí, rud a fhágann go bhfuil an t-oideachas níos inrochtana agus níos solúbtha ná riamh.

I saol na fostaíochta, tá athrú suntasach i dtreo **(c)** _____ na teicneolaíochta agus an fhuinnimh ghlais. Tá an t-éileamh ar

(d) _____ digiteacha, amhail códú agus anailís sonraí, ag dul

(e) _____, rud a léiríonn an t-aistriú domhanda i dtreo saol atá

níos nasctha agus níos inbhuanaithe. Fágann sé seo go bhféadfadh an méid a fhoghlaimíonn tú inniu **(f)** _____ díreach a imirt ar do dheiseanna fostaíochta amárach.

Ina theannta sin, tá scileanna **(g)** _____ amhail cumarsáid, obair foirne agus réiteach fadhbanna ag éirí níos **(h)** _____. Tá fostóirí ag lorg daoine aonair ar féidir leo dul in oiriúint do thimpeallachtaí oibre atá ag athrú agus comhoibriú go héifeachtach le daoine eile.



De réir mar a théann (i) _____ oideachais na hÉireann in oiriúint do na hathruithe seo, tá sé ríthábhachtach do dhaltaí a bheith fiosrach agus oscailte chun scileanna nua a fhoghlaim.

Cuimhnigh, tá an (j) _____ i do lámha. Glac leis an athrú agus ullmhaigh do shaol do na féidearthachtaí atá romhat.

Source: Examiner

i méid	lárnach	córas
todhchaí	baile	luchóg
boga	tionchar	earnálacha
scileanna	ama	cathaoir
leabhair	ríomhaire	tábhachtaí

Marks for AO2 [10]



2 Léigh an t-alt “An ról atá ag an Aontas Eorpach i saol mhuintir na hÉireann” agus freagair, as *Gaeilge*, na ceisteanna a leanas. (See Insert.)

(a) Cá fhad atá Éire mar bhall den Aontas Eorpach?

[2]

(b) Cad é mar atá an tír ag baint leas as an mhaoiniú agus as an infheistíocht ón Aontas? Luaigh **trí** rud.

[3]

(c) Mar bhall den Aontas Eorpach, cad é an buntáiste do ghnólachtaí na hÉireann agus iad ag trádáil le tíortha eile san Eoraip?

[1]

(d) Cad é mar a chothaítear síocháin leanúnach ar an oileán?

[2]



(e) Cad é mar a chuaigh ballraíocht an Aontais i bhfeidhm ar theanga na Gaeilge?

[2]

(f) Cad chuige a bhfuil cur chuige domhanda riachtanach sa troid in aghaidh athrú aeráide?

[2]

(g) Cad é mar a chuidíonn na polasaithe le caomhnú na timpeallachta anseo ar an oileán? Luaigh **trí** rud.

[3]

Marks for AO2 [15]

[Turn over



3 Read the passage below and write a summary, in English, of approximately 100 words.

Riachtanais Bhreise

Blianta ó shin i scoileanna na hÉireann, bhí daltaí in achan rang a bhí faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leis na daltaí eile sa rang, ach, ar an drochuair, níor tugadh aird ar bith orthu. Daltaí a raibh riachtanais bhreise foghlama acu a bhí i gceist. Níor thuig na scoileanna ná na múinteoirí ag an am sin an fáth nach raibh na daltaí seo ábalta foghlaim mar a d'fhoghlaim na daltaí eile. Go minic, shíl na scoileanna go raibh na daltaí falsa nó nach raibh siad ag éisteacht leis na múinteoirí sna ranganna.

Is fearr i bhfad an tuiscint atá ag múinteoirí ar riachtanais bhreise foghlama na laethanta seo, áfach. Tá a fhios ag na scoileanna go bhfuil réimse leathan riachtanas ann mar gheall ar Shiondróm Asperger nó uathachas a bheith ar pháiste.

Ar na saolta seo scrúdaíonn na scoileanna obair na ndaltaí le tuiscint níos fearr a fháil ar na deacrachtaí atá acu. I gcuid mhaith cásanna, tuigeann na múinteoirí go luath gur disléicse is cúis leis na deacrachtaí agus cuirtear straitéisí i bhfeidhm le freastal ar riachtanais an dalta – amhail nótaí a scríobh ar pháipéar daite in ionad iad a scríobh ar pháipéar bán.

Má bhíonn deacrachtaí fisiciúla ag cur isteach ar fhoghlaim an dalta, ar nós fadhbanna le radharc na súl nó cluinstitín nó síúl, bíonn ar an scoil a dícheall a dhéanamh na deacrachtaí a laghdú nó a réiteach.

Creideann a lán daoine meánaosta go raibh na scoileanna agus an t-oideachas i gcoitinne an-mhaith nuair a bhí siad óg, ach níl sé sin amhlaidh. Ba mhinic a rinne an seanchóras neamhaird ar dhaltaí a raibh riachtanais bhreise acu. Sa lá atá inniu ann, tugtar tacaíocht, tuiscint agus am do gach scoláire, agus is iontach an dul chun cinn é sin!

Source: Examiner



15913



12AIR2208



THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

For Examiner's use only	
Question Number	Marks
1	
2	
3	
4	

Total Marks	
--------------------	--

Examiner Number

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

15913/1



12AIR2212

Insert for use with Question 2 of Section B.

An ról atá ag an Aontas Eorpach i saol mhuintir na hÉireann.

Tá Éire ina ball den Aontas Eorpach anois le breis agus caoga bliain, agus tá bunús de shaoránaigh na tíre ró-óg le cuimhne a bheith acu ar Éirinn i dtús na seachtóidí. Tugann ballraíocht an Aontais deis dúinn cairdeas a chothú le tíortha eile san Eoraip.

Tá ról lárnach ag an Eoraip maidir le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta na hÉireann. Tá an tír ag baint tairbhe as maoiniú agus infheistíocht ón Aontas. Tá Éire in ann infreastruchtúr a nuashonrú, tacú le nuálaíocht agus deiseanna fostaíochta a chruthú. Tá deiseanna oibre agus taisteal saor in aisce ar fáil do dhaoine óga, agus tá sé de chumas ag gnólachtaí na hÉireann trádáil le tíortha eile san Eoraip gan aon chostas breise.

Ní beag an ról a bhí ag an Eoraip ach oiread maidir le síocháin agus daonlathas ar an oileán seo. Chuidigh Comhaontú Aoine an Chéasta, le tacaíocht ón Aontas Eorpach, deireadh a chur leis na Trioblóidí agus athmhuintearas a chothú idir pobail. Tá córas comhoibrithe agus comhrá anois ann idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann a chuidíonn le síocháin a choinneáil agus tionchar na Breatimeachta a laghdú ar an oileán.

Chomh maith leis sin, tá an Eoraip tar éis ról tábhachtach a imirt i bhforbairt shochoaí agus chultúir na hÉireann. Tá stádas iomlán ag an Ghaeilge mar theanga oibre go díreach mar atá ag aon teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais, agus tá maoiniú ón Aontas tar éis cuidiú le forbairt na n-ealaíon agus na turasóireachta in Éirinn, forbairt atá ag tarraingt cuairteoirí anseo ó gach cearn den domhan.

Tá an Eoraip tiomanta don timpeallacht agus cuireann beartais an Aontais leis an iarracht dhomhanda dul i ngleic le hathrú aeráide. Is bagairt dhomhanda é an t-athrú aeráide agus ní féidir leis na náisiúin dul i ngleic leis má tá siad ag gníomhú ina n-aonar. Cuidíonn na polasaithe le gnáthóga nádúrtha na hÉireann a chosaint, le diúscairt dramhaíola chuí a chinntiú agus leis an aer agus an uisce a choinneáil glan.

Is cinnte gur chuir ballraíocht an Aontais Eorpaigh feabhas mór ar shaol mhuintir na hÉireann.

Source: Examiner